Docusign Envelope ID: 666F270D-2629-4E3C-B7F6-64A943E9E483

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 16 Meitheamh 2025

TG4 Baile na hAbhann.

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí leithscéal ó Dharach Ó Tuairisg.
Bhí Muireann Ní Chíobháin, Aedín O'Leary agus Róisín Ní Raighne ar Zoom agus na comhaltaí eile i mBaile na hAbhann.
Bhí Nóra Máire Uí Mhocháin (Stiúrthóir Airgeadais) agus Teresa Kenny (Stiúrthóir Dlí) ar Zoom

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh Bernadette Bhreathnach, ionadaí foirne nuathofa ar an Bhord. agus fáilte roimh Teresa Kenny, Stiúrthóir Dlí TG4.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí Mhí Aibreán.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag éirí as na miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

**5.1 Rialtas, Roinn & Coimisiún na Meán**

5.1.2 *Rialtas:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur iarradh ar TG4 aighneacht a chur faoi bhráid an Chomhchoiste um Ealaíona, Meáin, Cumarsáid, Cultúr & Spórt maidir le leasuithe ar an Scéim Ghinearálta don Bhille Craolacháin. Luaigh

Docusign Envelope ID: 666F270D-2629-4E3C-B7F6-64A943E9E483

sí go mbeadh sí fhéin agus An Stiúrthóir Dlí ag freastal ar an gCéadaoin, 18 Meitheamh.

5.1.2 *CnaM*: Dúradh gur thug Aoife MacEvilly, An Coimisinéir Craolacháin agus Físeáin ar Éileamh, cuairt ar TG4 ar an 30 Bealtaine agus go bhfuair sí turas ar Stiúideó Nuacht Cúla4 agus Fíbín.

Míníodh go raibh obair ar an athbhreithniú cúig bliana críochnaithe agus an t-athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht geall le críochnaithe. Bhí go leor oibre riaracháin ar TG4 le eolas a sholáthar don dá chomhlacht a bhí i mbun comhairliúcháin.

5.1.3 *Nuacht TG4 agus Moladh 7.1*: Chuir an tArd-Stiúrthóir in iúl go raibh roinnt cruinnithe déanta le RTÉ faoin Nuacht agus gur tháinig an Bord le chéile do chruinniú boird eisceachtúil ar an 2ú Meitheamh le roghanna a phlé. Mhínigh sí go raibh cruinniú ag TG4, RTÉ agus CnaM ar an 3ú Meitheamh inar iarr CnaM ar TG4 agus RTÉ moladh a chur ar aghaidh roimh 10ú Meitheamh. Sheol TG4 moladh chuig RTÉ ar an 3ú Meitheamh. Ar an 10ú Meitheamh chuir RTÉ in iúl nach mbeadh siad in ann glacadh leis an moladh sin. Chuir TG4 an moladh faoi bhráid CnaM ar an 10ú Meitheamh.

5.1.4 New Era: Dúradh gur thug New Era cuairt ar TG4 ar an 16 Bealtaine, agus gur tugadh ar cuairt iad ar an gCeannáras agus ar stiúideó Fíbín agus Ros na Rún.

5.1.5 Cruinnithe Ard-Stiúrthóra: Luaigh an tArd-Stiúrthóir go raibh sí ag leanúint le cruinnithe athbhreithnithe le baill foirne, le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha agus le comhpháirtithe TG4.

**5.2 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht**

5.2.1 *Ollsoláthar:* Meabhraíodh go raibh síneadh bliana curtha le roinnt conarthaí Ollsoláthair a bhí le críochnú in 2025.

5.2.2 *Babhtaí Coimisiúnaithe Oscailte*: Thagair an tArd-Stiúrthóir do Bhabhta Oscailte a fógraíodh le díriú ar ábhar faoi 35, ábhar páistí agus ábhar forbartha. Dúradh go raibh gearrliosta déanta in Mí Bealtaine agus go mbeifí ag réiteach conarthaí.

Docusign Envelope ID: 666F270D-2629-4E3C-B7F6-64A943E9E483

5.2.3 *Comhaoiniú*: Dúradh go bhfuair 10 dtogra de chuid TG4 maoiniú sa mbabhta is déanaí de Chiste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann. Dúradh go mbeadh torthaí babhta 56 de scéim Fís & Fuaim Choimisiún na Meán le fógairt in Mí Lúnasa.

5.2.4 *Taighde Lucht Féachana*: Mhínigh an tArd-Stiúrthóir go raibh i gceist togra taighde cuimsitheach a dhéanamh san Fhómhar le riachtanais an lucht féachana ó TG4 a mheas.

5.2.5 *Ócáidí TG4*: Tugadh eolas don Bhord ar roinnt ócáidí le TG4 le mí anuas: Gradam Ceoil TG4 i Luimneach ar an 4ú Bealtaine; seoladh Chraobh TG4 i bPeil na mBan ar an 27 Bealtaine agus Comórtas Peile na Gaeltachta i Ráth Chairn. Dúradh gur fhreastail TG4 ar Comhdháil Circom (Craoltóirí Réigiúnacha Eorpacha) i Mí Bealtaine agus ar Fhéile na Meán Ceilteach i Mí Meitheamh. Bhain Kneecap an Torc do Spiorad na Féile amach i mbliana agus fuair An Bothy Band an Torc don Léiriú Beo ab fhearr.

Luadh go mbeadh seoladh ar *Reuters Digital News Report* ar siúl i nGaillimh ar an 17 Meitheamh agus go mbeadh an tArd-Stiúrthóir faoi agallamh ag an ócáid.

Meabhraíodh go mbeadh an scannán Báite ón scéim CINE4 á sheoladh ag Fleadh Scannán na Gaillimhe ar an 9ú Iúil agus go mbeadh cláir faisnéise de chuid TG4 le taispeáint freisin.

Tograí: Dúradh gur ghlac TG4 páirt i bhfeachtas EBU 'This is My Family' agus go raibh clár píolótach don togra Eorpach Transmixr á thaifead in TG4 an tseachtain seo.

## 5.3 Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne

*5.3.1* *Cúrsa Dlí*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh cúrsa dlí don fhoireann faoi chlúmhilleadh agus díspeagadh cúirte ar an 13ú Bealtaine.

*5.3.2* *Cúrsa Bainistíochta*: Dúradh go raibh cúrsa oiliúna ar siúl do bhainisteoirí agus comhordaitheoirí ar an 12 Meitheamh.

*5.3.3* *Folúnais*: Luadh go raibh post do Bhainisteoir Margaíochta agus post do Mhaor Craolacháin fógartha faoi láthair agus go raibh post an Cheannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha le hathfhógairt.

Docusign Envelope ID: 666F270D-2629-4E3C-B7F6-64A943E9E483

Tugadh le fios go raibh na folúntais do Eagarthóir / Léiritheoir Oideachais, do Láithreoir Cúla4 líonta anois.

5.3.4 Plé:

*Folúntais*: Pléadh an folúntas mar Eagarthóir Nuachta & Cúrsaí Reatha agus cuinsí athfhógairt an phoist.

*Córas Gearáin*: Iarradh go gcuirfí an Bord ar an eolas faoi aon ghearáin oifigiúla a dhéanfaí sa am atá le theacht.

*Nuacht TG4*: D'fhiosraigh an Bord an raibh athrú polasaí ag TG4 i leith agallaimh i mBéarla ar Nuacht TG4. Dúradh nach raibh aon athrú polasaí ann.

*AI:* Cheistigh an Bord beartais TG4 i leith fhorbairtí AI. Míníodh go raibh prionsabail AI dréachtaithe ag TG4 agus go raibh Coiste AI ag casadh le chéile go rialta. Dúradh go raibh TG4 gníomhach ar Choiste Straitéis Dhigiteach na Roinne agus ag tacú le togra Eorpach LLLMs4Eu de chuid Alt-Edic atá ag plé le LLMs (Large Language Models) agus ag tacú le forbairtí atá ar bun ag ollscoileanna éagsúla sa réimse LLM. Dúradh go raibh córais triallacha á bhforbairt ag foireann TG4 freisin ó thaobh fotheideal agus aistriúcháin.

5.4 **Miontuairiscí**

Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an mBord.

## 6. Gnó an Chathaoirligh

6.1 *Féile na Meán Ceilteach:* Thréaslaigh an Cathaoirleach leis na léiriúcháin a bhain Torc amach ag an bhféile agus leis an Ard-Stiúrthóir as an agallamh a rinne sí mar chuid den seisiún 'Meet the new DG'.

6.2 *Ceisteanna Teanga:* Dúirt an Cathaoirleach go raibh cruinniú aici le Stiúrthóir Scáileán Thuaisceart Éireann, gur phléigh siad cúrsaí teanga agus ceisteanna leibhéil agus caighdeáin. Dúradh go raibh ceist na leibhéal casta, go háirithe i dtaca le cláir do pháistí mar go raibh réimse leathan cumais ag an lucht féachana ó pháistí nach raibh aon Ghaeilge acu go dtí na páistí a raibh an Ghaeilge acu ón chliabhán agus go gcaithfí a bheith airdeallach air seo.

6.3 *Folúntais Boird:* Luaigh an Cathaoirleach go mbeadh cruinniú aici leis an Roinn agus New Era ar an gCéadaoin le plé a dhéanamh ar na folúntais bhoird.

6.4 *Cruinniú leis an Aire:* Dúirt an Cathaoirleach go raibh sí ag fanacht le deimhniú maidir le dáta cruinnithe leis an Aire.

6.5 *Tuarascáil SPRC*: Thagair an Cathaoirleach do mholadh a rinne an Senior Posts Remuneration Committee go mbeadh moltaí a dhéanfaidís maidir le íocaíochtaí tuarastail siarghabhálach, ach nach raibh glactha ag an Rialtas leis an moladh sin. Dúirt sí go raibh glactha ag an Rialtas leis na moltaí eile ach nach raibh treoracha faighte ón Aire ina dtaobh go fóill.

6.6 *Ceardchumann:* Thagair an Cathaoirleach do litir a fuair sí ón Cheardchumann. Dúradh go raibh an t-ábhar á phlé faoi láthair idir an ceardchumann agus an tArd-Stiúrthóir agus go gcoinneofaí an Bord ar an eolas.

**7. Cur i Láthair : Leasuithe Acht Craolacháin**

Tháinig Adam Larragy ón Roinn Cultúir, Cumarsáide & Spóirt isteach ar Zoom in éineacht le comhghleacaithe Philip Donnolly agus Sarah Taaffe.

Rinne sé cur síos ar chúlra agus comhthéacs na leasuithe, ar Chiste na Meán, an Rialachas do PSM agus an modh measúnaithe atá beartaithe do mhaoiniú agus d'fheidhmíocht PSM.

D'fhiosraigh an Bord cén chaoi a ndéanfaí idirdhealú ar TG4 i gcomhthéacs go raibh an cainéal ann le díriú ar phobal teangan ar leith.

Fiosraíodh an mbeadh tuairimí an phobail gheinearálta agus phobal labhartha na Gaeilge á gcur san áireamh nuair a bheadh measúnú ar bun.

Ceistíodh an t-ualach breise riaracháin a bheadh i gceist do eagras beag leis na dualgaisí nua a bhí beartaithe.

Fiafraíodh an mbeadh Cistí Maoinithe macasamhail Scéim Chartlainne fós á reachtáil, ciste a bhí fíorluachmhar do fhorbairt & caomhnú na Cartlainne.

Docusign Envelope ID: 666F270D-2629-4E3C-B7F6-64A943E9E483

Iarradh an mbeadh an t-athbhreithniú ar chuspóirí na gcraoltóirí (objects) á leagan amach comhuaineach leis na leasuithe ar an Acht.

**8. Cuntais Mhí Bealtaine 2025**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 do Mhí Bealtaine. Cuireadh dréacht-ráiteas Ioncaim & Caiteachais agus dréacht-ráiteas Staid Airgeadais faoi bhráid an Bhoird le ceadú. Mhínigh sí go raibh moill ar íocaíochtaí na míosa seo mar go raibh Babhtaí Coimisiúnaithe á gcríochnú ach go mbeadh súil go leor acu seo a bheith íoctha faoi lár Iúil.

Glacadh leis na cuntais.

**9. Tuarascáil Bhliantúil 2024**

Iarradh soiléiriú agus mionleasuithe ar an dréachtleagan. Moladh an dearadh agus leagan amach.

Cheadaigh an Bord an Tuarascáil.

**10 GESG**

Thug an Stiúrthóir Oibríochtaí & Acmhainní Daonna le fios go raibh na coistí gnímh ag obair ar an phlean GESG.

Dúradh go raibh TG4 páirteach i bhfeachtas Meán Sóisialta leis an EBU 'This is My Family', a bhí seolta an tseachtain seo.

Luadh go raibh rannpháirtithe ó TG4 ag an Technology & Innovaion Summit a reachtáil an EBU i mBaile Átha Cliath agus iad páirteach le grúpa Mná sa Teicneolaíocht ansin.

**11 Tuairisc Lucht Féachana**

Tháinig an Bainisteoir Taighde & Léargais Lucht Féachana isteach ar Zoom le spléachadh a thabhairt ar lucht Féachana Mhí Aibreán & Bealtaine. Bhí lucht féachana Mhí Aibreán ionann le Aibreán na bliana anuraidh ag sciar 2% agus bhí ardú ar Bhealtaine 2025 go 2.2%. Bhí fás maith ar an Seinnteoir agus ar na Meáin Shóisialta freisin.

Docusign Envelope ID: 666F270D-2629-4E3C-B7F6-64A943E9E483

I Mí Aibreán, d'eirigh go maith le Sraith Iomána Allianz agus Rugbaí Beo, maraon le Glór Tíre. Bhí tóir ar an gclár Gaiscí GPA sa Chéinia, agus d'éirigh go maith le Na Builders, Slí na mBeaglaíoch agus Inis Meáin Idir Dhá Linn. Bhí Pobal Ráth Chairn agus Téacs Taistil i measc na gclár ab fhearr ar Fios Físe. GAA Beo, Rugbaí Beo agus Ros na Rún ba mhó féachana ar an Seinnteoir. Dúradh go raibh lucht féachana suntasach ag TG4 ar YouTube ag deireadh Mhí Márta, do 'Super Sunday' – an lá mór i Roinn 1 agus Roinn 2 de Chluichí Sraithe Allianz.

I Mí Bealtaine, bhí tóir mhór ar Rugbaí Beo agus ar Craobh faoi 20 an GAA. Maraon le cláracha Ceol Tíre, d'éirigh go maith le Capaillíní, Na Builders agus athchraolta de Hup agus Bliain in Inis Oírr agus Téacs Taistil. Bhain Nuacht TG4 lucht féachana maith amach timpeall ar Spórt Beo. Ar an Seinnteoir, b'iad Ros na Rún agus an Spórt Beo ba mhó féachana.

## 12 Tuairisc ó Fhochoistí Boird

### 12.1 Coiste Nuachta

Roinneadh tuairisc ó 4 chruinniú a bhí ag an Choiste Nuachta (28/04; 21/05; 28/05; 30/05) agus ón gCruinniú Boird eisceachtúil a reachtáladh ar an 2ú Meitheamh. Cuireadh freagra RTÉ ar mholtaí TG4 do Choimisiún na Meán ar fáil don Bhord freisin.

### 11.2 Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tugadh tuairisc ar chruinniú an Choiste ar an 29 Aibreán.

*Buiséid Chlár*: Dúradh go raibh tuairisciú déanta don choiste ar an bhuiséad clár lasmuigh de chaiteachas na n-Ollsoláthar. Dúradh go mbeadh an CIR ag breathnú go rialta ar an bhriseadh síos tíreolaíoch ar chaiteachas clár TG4.

*Iniúchadh Inmheánach*: Míníodh go raibh athbhreithniú á dhéanamh ar pholasaí maidir le sócmhainní seasta lena thabhairt suas go dáta.
Deimhníodh go mbeadh iniúchadh le déanamh ar chreatpholasaí faoin Rialachas Corparáideach agus ar dhúshláin an Leathanbhanda.

*Téarmaí Tagartha*: Aontaíodh Téarmaí Tagartha nua atá ag teacht leis an reachtaíocht is déanaí agus le moltaí an Sainchiste Comhairleach.

Docusign Envelope ID: 666F270D-2629-4E3C-B7F6-64A943E9E483

11.3 **Comhairle Lucht Féachana**
Tugadh uasdátú maidir le ballraíocht na Comhairle Lucht Féachana nua agus dúradh go mbeadh an chéad chruinniú le socrú leo sa samhradh. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Cathaoirleach na Comhairle agus le Rúnaí an Bhoird as an obair go léir a bhí déanta acu leis an Chomhairle nua a roghnú.

**12 Riarachán Boird**

12.1 Cheadaigh an Bord leagan leasaithe den pholasaí Taistil agus Cothabhála

12.2 Cheadaigh an Bord na Téarmaí Tagartha nua don Choiste Iniúchóireachta & Riosca

12.3 Iarradh ar an mBord moltaí maidir le plean oiliúna don chuid eile den bhliain. Moladh Induchtú do Chomhaltaí nua ag deireadh na bliana. Moladh seisiún Láimhseáil Géarchéime.

12.4 Aontaíodh cruinniú Mí na Nollag a reachtáil rud beag níos luaithe, ar an Aoine 28 Samhain. Socraíodh lá straitéise a reachtáil sa bhFómhar.

12.5 Folúntais Bhoird: Dúradh go raibh cruinniú leis an Roinn & New Era ar an gCéadaoin maidir le na folúntais bhoird ag deireadh na bliana.

**13 Gnó Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon cheo ann.

**14. Cláracha & Clársceideal**

Aontaíodh go mbeadh am ar leataibh ar chlár na gcruinnithe boird uair sa ráithe ina ndéanfaí plé ar Chláracha agus Clársceideal TG4 i gcomhthéacs an fhreastail ar an lucht féachana.
Aontaíodh gur osradharc straitéiseach a bheadh i gceist mar thaca don Ard-Stiúrthóir, ar a bhfuil freagracht an Príomh-Eagarthóra.

Docusign Envelope ID: 666F270D-2629-4E3C-B7F6-64A943E9E483

**15. Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**16. Ceadú Conartha**

Roinneadh liosta conarthaí ceadaithe idir 200k – 500k mar eolas don Choiste Ceadú Conartha.

**Críoch**

DocuSigned by:

***Síniú*** ______________________________

1915C3940044407

28-Jul-25 | 12:29 PM BST

***Dáta*** ______________________________